# <u>**Oisín i dTír na nÓg: Sóisir**</u>

B'fhile agus laochra mór le rá é Oisín.

Bhí sé ag fiach lena athair, Fionn Mac Cumhaill agus na Fianna.

Thug sé faoi deara go raibh bean álainn ag teacht ina threo agus í ag marcaíocht ar chapall bán.

Thit Oisín i ngrá léi díreach ansin.

'Niamh Chinn Óir is ainm dom' a dúirt sí le hOisín.

'Tar liom go Tír na n-Óg agus beimid sona sásta le chéile go deo na ndeor'.

Dhreap Oisín ar dhroim an chapaill agus d'imigh siad leo ar chosa in airde.

Thaitin Tír na n-Óg le hOisín ach mhothaigh sé Éire uaidh.

Ba mhian leis filleadh chun cuairt a thabhairt ar Éirinn.

Níor theastaigh ó Niamh go n-imeodh sé ach bhí an cinneadh déanta ag Oisín.

Thug sí foláireamh dó gan a chos a leagan ar thalamh na hÉireann.

Níor aithin Oisín an ceantar.

Chonaic sé fir i bpáirc ag iarraidh carraig a bhogadh agus d'iarr sé orthu an áit a raibh Fionn agus na Fianna.

Bhí ionadh ar na fir faoi seo toisc gur mhair Fionn Mac Cumhall agus na Fianna in Éirinn 300 bliana roimhe sin.

Níor chreid Oisín go raibh a mhuintir agus a chairde imithe.

Chrom sé síos ón gcapall chun cabhrú leis na fir an charraig a bhogadh agus thit sé ar mhullach a chinn go talamh.

Ar an bpointe, d'athraigh sé ina sheanfhear leochaileach.

Thug na fir aire d'Oisín.

D'inis sé go leor scéalta dóibh faoina athair, Fionn Mac Cumhall agus na Fianna.

Ar an mbealach seo, d'fhoghlaim muintir na hÉireann faoi na laochra a mhair in Éirinn fadó